MONAÍ DAMÁISTITHE EURO € AMHÁIN

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Cuireann an Banc Ceannais seirbhís ar fáil ina n-athsholáthraítear luach nótaí bainc agus monaí dílse euro, ar nótaí agus monaí damáistithe nó loite iad. Is féidir monaí damáistithe a thaisceadh sa bhosca seachadta atá le fáil i mBanc Ceannais na hÉireann ar Ché an Phoirt Thuaidh lena malartú ar luach nó is féidir iad a sheoladh leis an bpost. Déan do thaisce a shórtáil mar seo a leanas:



Ní foláir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach taisce:

1. Foirm chomhlánaithe **2.** Sonraí cuntais bainc **3.** Cóip de chéannacht fhótagrafach i gcás taiscí os cionn €100
Aon taiscí a dhéanfar leis an bpost, ní mór iad a shórtáil mar atá léirithe thuas agus ní mór na monaí agus nótaí bheith séalaithe i gclúdaigh litreach ar leith. Seol iad chuig Banc Ceannais na hÉireann, Bosca PO 61, P3, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16

Tuilleadh faisnéise:
Féach "Mol na dTomhaltóirí" ar www.centralbank.ie, cuir ríomphost chuig currencyservices@centralbank.ie, nó cuir glaoch ar an mBanc Ceannais ar +353 1 2245969.

SONRAÍ TAISCE

Beidh moill ar aisíocaíocht mura gcomhlánaítear an fhoirm i gceart.

Tabhair sonraí maidir leis an MONA/na MONAÍ atá faoi iamh

Ainmníocht	Cainníocht	ÚSÁID OIFIGE
1 c		
2 c		
5 c		
10 c		

Ainmníocht	Cainníocht	ÚSÁID OIFIGE
20 c		
50 c		
€1		
€2		
LUACH IOMLÁN		

Leasaithe 04.09.2018

MONAÍ DAMÁISTITHE EURO € AMHÁIN

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Úsáid BLOCLITREACHA ar an bhfoirm seo le do thoil.

Faisnéis thábhachtach maidir le taiscí ó chuideachtaí:

- Tabhair d'uimhir CRO le do thoil:_____
- I gcás taiscí os cionn €100, cuir isteach ráiteas bainc leasaithe in ainm na cuideachta don chuntas bainc ainmnithe in ionad céannacht fhótagrafach.

Sonraí an Iarratasóra

Ainm iomlán an Iarratasóra	
Uimh. Ghutháin	
Seoladh	
Seoladh Ríomhphoist	

I gcás taiscí os cionn €100: An bhfuil an doiciméad céannachta riachtanach faoi iamh? **Tá** ☐

D'fhonn d'fhaisnéis phearsanta a chosaint, déan an fhoirm chomhlánaithe a fhilleadh feadh na líne poncanna chun a chinntiú go bhfuil an taobh seo ar an taobh istigh.

Sonraí Éigeantacha Cuntais Bainc

Nóta: Ní foláir fáltais ó mhalartú airgeadra a íoc isteach i gcuntas bainc ainmnithe

Banc		Brainse	
Ainm an Chuntais			
BIC			
IBAN			

Chun faisnéis a fháil maidir le híocaíochtaí idirnáisiúnta neamh-SEPA, cuir ríomhphost chuig currencyservices@centralbank.ie

Mínigh cén chaoi ar damáistíodh na monaí, lena n-áirítear sonraí maidir le haon salú:

Dearbhú le síniú ag an iarratasóir:

- Táimse i dteideal na monaí damáistithe euro atá faoi iamh a thaisceadh lena malartú.
- Ní dhearnadh an t-airgeadra damáistithe a mhilleadh, a shalú nó a dhamáistiú d'aon ghnó.
- Níor tháinig an t-airgeadra damáistithe ó ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith.
- Tá an fhaisnéis go léir atá tugtha beacht.
- Tuigim go bhféadfaidh an Banc Ceannais sonraí maidir leis an iarratas seo, lena n-áirítear cóipeanna de dhoiciméad céannachta a gheofar, a chur ar aghaidh chuig údaráis eile amhail An Garda Síochána agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim.

Síniú an Iarratasóra _____ Dáta D D / M M / B B B B

Féadfaidh an Banc Ceannais sonraí pearsanta arna gcur ar fáil agat a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó chun a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí. Is féidir aon cheisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an mBanc Ceannais a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie. Tá cóip d'Fhógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar www.centralbank.ie/fns/privacy-statement.